Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**13717/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0307(NLE)**

**ACP 96**
**FIN 1177**
**PTOM 20**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar thríú tráthchuid le haghaidh 2025<br>– Glacadh |

1. An 2 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar thríú tráthchuid le haghaidh 2025[1].

2. Scrúdaigh an Mheitheal um an Afraic, um Muir Chairib agus um an Aigéan Ciúin (Meitheal ACC) an togra ón gCoimisiún agus tháinig sí ar chomhaontú ar leibhéal na Meithle maidir le téacs an dréacht-Chinnidh ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2025.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas, mar mhír ‘A’ ar an gclár oibre:

   – an Cinneadh a ghlacadh, mar a leagtar amach in 13504/25 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe dá bhforáiltear in Airteagal 8 den Chomhaontú Inmheánach is infheidhme maidir leis an 11ú CEF[2];

   – a iarraidh go bhfoilseofar an Cinneadh san Iris Oifigiúil.

---

[1] 13500/25 + ADD 1.
[2] IO L 210, 6.8.2013, lch. 1.